

Scéim an Bhóthair N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann



Roghanna Conaire Bealaigh

Comhairliúchán Pobail

Mí Iúil 2010

An Gá Atá Leis an Scéim

Is conair straitéiseach é an Príomhbhealach Náisiúnta N2 a nascann Baile Átha Cliath le Tuaisceart Éireann agus leis na contaetha cois teorann. Buaileann an N2 leis an mbealach A5 ag an teorainn chun nasc a chruthú le Doire agus le Dún na nGall. Nascann an N2 le mórán bailte agus sráidbhailte le taobh an bhealach freisin.

Aithnítear an chuid seo den N2 mar bhealach straitéiseach chun uasghrádú a dhéanamh air, in Iompar 21, an creat infheistíochta caipitiúla le haghaidh forbairt iompair thar an tréimhse 2006 - 2015.

Buntáistí na Scéime

Tríd an Scéim seo:

- Cuirfead feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre;
- Laghdófar amanna taistil;
- Laghdófar brú tráchta agus méideanna tráchta, go háirithe i Scairbh na gCaorach agus thart timpeall ar Bhaile Mhuineacháin;
- Cuirfead feabhas ar an mbealach idir Dún na nGall, Muineachán agus Baile Átha Cliath, ag déanamh éascaíochta do ghnó, trádáil agus turasóireacht; agus
- Cuirfead feabhas ar na naisc idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

Cuspóirí Comhairliúcháin

Ag leanúint ar aghaidh ón gcéad chomhairliúchán pobail a reáchtáladh i Mí Iúil 2009 don Staidéar ar Shrianta, is iad príomhchuspóirí an dara comhairliúchán pobail ná:

- Feasacht an phobail ar an Scéim a mhéadú;
- Roghanna conaire bealaigh, ar a ndéantar staidéar, a chur i láthair;
- Bainteacht an phobail a cheadú go luath i bhforbairt tograí;
- Béim a leagan ar phríomhthosca a chuirtear san áireamh agus roghanna bealaigh á roghnú; agus
- Míniú a thabhairt ar cad a tharlóidh ina dhiaidh sin.

An t-eolas a cuireadh ar taispeáint ag an imeacht comhairliúcháin, beifear in ann amharc air agus é a íoslódáil freisin ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin www.monaghan.ie.

Forbairt Conaire Bealaigh

Forbraítear conairí bealaigh mar chuid de phróiseas roghnú bealaigh na trí chéim atá leagtha amach sna Treoirínte Bainistíochta Tionscadal (2010) de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN):

- Céim 1 – Measúnú ar Réamhroghanna
- Céim 2 – Meastóireacht Tionscadail ar Roghanna Bealaigh
- Céim 3 – Rogha Conaire Bealaigh a Roghnú

Is é cuspóir an phróisis seo ná athbheithniú a dhéanamh ar chonairí indéanta bealaigh ag leibhéal mhéadaithe mionsonraí chun Rogha Conaire Bealaigh a roghnú don Scéim.


I gCéim 1, aithníodh conairí indéanta bealaigh, agus forbraíodh iad, agus srianta móra á seachaint a aithníodh le linn an Staidéir ar Shrianta. Rinneadh measúnú ar réamhroghanna agus úsáid chritéir na hinnealtóireachta, na Timpeallachta agus an Gheilleagair. Mar thoradh ar seo, caolaíodh ar an méid roghanna go dtí 4 phríomhchonair (le dath buí, glas, dearg agus gorm orthu) i dtreanta le 7 rogha breise conaire comhshuite a táirgeadh trí naisc thrasacha (a thaispeántar i gcorra).

Déan scrúdú le do thoil ar na conairí bealaigh a thaispeántar lastall agus ar an eolas a chuirtear ar taispeáint agus cuir do thuairimí in iúl.


Roghanna Conaire Bealaigh

Moltar an N2 a athlíniú thar achar thart timpeall ar 28km idir an Scéim N2 '2+1', Cluain Tiobrad go dtí Baile na Lorgan a tógadh le déanaí ar an taobh ó dheas de Bhaile Mhuineacháin agus teorainn Thuaisceart Éireann lastuaidh, in aice le hAchadh na Cloiche.

Aithníodh roghanna conaire bealaigh ag tosú ag an timpeallán atá ann cheana féin ar an N2 ag Cluain Tiobrad, i mbaile fearainn Choill Chró. Ón bpointe seo, téann na conairí ó thuaidh ar an taobh thoir nó ar an taobh thiar de Chaisleán an tSiáin (ag brath ar an rogha). Ag leanúint ar aghaidh ó thuaidh, téann na conairí trasna an N12 agus Canáil Uladh ar an taobh thoir de Bhaile Mhuineacháin. Níos faide ó thuaidh, téann na conairí thar an Abhainn Mhór agus larrród Uladh atá as úsáid, ar an taobh thoir den N2 atá ann cheana féin. Ansin téann na conairí thar Chorr an Chrainn ar an taobh thoir de agus ar an taobh thiar de Ghlasloch. Ón bpointe seo, téann an chonair dhearg agus an chonair ghorm thar Scairbh na gCaorach ar an taobh thiar de agus téann an chonair ghlas agus an chonair bhúí thart ar an taobh thoir de Loch Emy. Téann na conairí go léir thar Abhainn an tSléibhe in aice le Scairbh na gCaorach agus tagann siad le chéile ag an bpointe deiridh ar theorainn Thuaisceart Éireann in aice le hAchadh na Cloiche.




© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint.
Uimhir Cheadúnais 2008/10 CCMA/Comhairle Contae Mhuineacháin.



| EOCHAIR EOLAIS | |
|----------------|--|
| 1 | Cluain Tiobrad <i>Clontibret</i> |
| 2 | Muineachán <i>Monaghan</i> |
| 3 | Scairbh na gCaorach <i>Emyvale</i> |
| 4 | Glasloch <i>Glaslough</i> |
| 5 | Achadh na Cloiche <i>Aughnacloy</i> |
| NP | Nódphointe |

Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?



Tosófar ar staidéar mionsonraithe roghnú bealaigh agus déanfar measúnú ar na conairí bealaigh a chuirtear i láthair anseo de réir mhodh Meastóireachta Tionscadal Chéim 2, ag úsáid na 5 chritéir choitianta meastóireachta:

- Geilleagar;
- Sábháilteacht;
- Timpeallacht;
- Inrochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta; agus
- Lánpháirtíú.

Níor aithníodh Rogha Conaire Bealaigh faoi seo. Táthar ag súil leis go gcríochnófar meastóireacht Chéim 2 faoi dheireadh na bliana 2010 agus go bhfógrófar an Rogha Conaire Bealaigh agus go reáchtálfar taispeántas poiblí an tráth sin. Ní foláir béim a leagan air go bhféadfadh an Rogha Conaire Bealaigh bheith ar cheann de na conairí bealaigh atá molta, comhdhéanta de chodanna de níos mó ná rogha bealaigh amháin nó ailíniú athraithe de rogha amháin nó níos mó.

Tá do thuairimí tábhachtach

Ba mhaith le Comhairle Contae Mhuineacháin scrúdú a dhéanamh ar na dearcthaí go léir a bhaineann leis an Scéim agus leis na conairí bealaigh a ndéantar scrúdú orthu.

Seo deis duitse chun páirt a ghlacadh i bpleanáil Scéim an Bhóthair N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann agus bheifí buíoch díot as an méid ama a chaithfeá ar do thuairimí a chur in iúl. Déanfar scrúdú mionsonraithe ar na tráchtaí agus ar na haighneachtaí a nglacfar leo.

Déan scrúdú le do thoil ar na conairí bealaigh a thaispeántar lastall agus cuir do thuairimí in iúl. Is féidir leat an bhileog tráchta a ghabhann leis seo a chomhlánú nó is féidir leat scríobh chuig an seoladh a thaispeántar, faoin 7ú Lúnasa 2010.

Is taifead poiblí iad na haighneachtaí go léir a nglactar leo agus, mar sin, is féidir le haon bhall den phobal na haighneachtaí a rochtain agus iniúchadh a dhéanamh orthu faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003.

Déantar soláthar san Acht, áfach, nach bhféadfaí taifead dá leithéid a nochtadh agus nach bhféadfaí rochtain a bheith air, má tá socrú ann idir an t-údarás áitiúil agus tú féin, go gcuirtear an t-eolas ar fáil faoi rún agus go gcaitear leis mar eolas faoi rún. Más mian leat go nglacfaí le d'aighneacht mar seo, cuir é seo in iúl go soiléir le do thoil ag úsáid an roghbhosca a chuirtear ar fáil ar an mbileog tráchta.



Fiosrúcháin Bhreise

Is féidir na fiosrúcháin, ceistiúcháin nó tráchtáí go léir a bhaineann leis an tionscadal seo a chur chuig:

An tUasal Con Mc Crossan
Comhairle Contae Mhuineacháin
An Roinn Bóithre (N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann),
Foirgneamh Mtek 2,
Cnoc an Chonnaidh,
Muineachán,
Contae Mhuineacháin
Teileafón: +353 (0)47 30558